**Déan é seo a Chomhlánú, a Phriontáil, a Shíniú agus a Thabhairt i dteannta an tsíntiúis don fhaighteoir**

# Ráiteas maidir le Ceadú do shíntiús arna thabhairt ag Síntiúsóir Corparáideach

## Cuid 1

| | |
|---|---|
| **Ainm an tSínitheora:** | |
| **Ainm an tSíntiúsóra Chorparáidigh:** | |
| **Ainm Fhaighteoir an tSíntiúis:** | |
| **Dáta an tSíntiúis:** | |
| **Luach an tSíntiúis:** | |

1.
Deimhnímse (iontráil ainm)...............................................................................................

gur Síntiúsóir Corparáideach cláraithe é

(iontráil ainm an tsíntiúsóra chorparáidigh)..................................................

2.
Deimhnímse (iontráil ainm) ..............................................................................................

gur cheadaigh an Síntiúsóir Corparáideach do thabhairt an tsíntiúis de réir

na rialacha lena rialaítear na síntiúis sin.

Sínithe: ..........................................................

Dáta: ..............................................................

**Cuid 2**

## Na Rialacha lena Rialaítear Ceadú do Shíntiús arna Thabhairt ag Síntiúsóir Corparáideach

**Ciallaíonn 'cheadaigh an síntiúsóir corparáideach':**

a) go ndearnadh cruinniú ginearálta, arb é ceann de na cuspóirí atá leis breithniú a dhéanamh i dtaobh síntiús a thabhairt, a thionól agus a stiúradh go cuí agus gur tugadh ceadú chun an síntiús a thabhairt de réir na rialacha (cibé acu atá siad i scríbhinn nó nach bhfuil) lena rialaítear riar agus rialú an tsíntiúsóra chorparáidigh lena mbaineann agus lena rialáiltear a ghníomhaíochtaí agus beidh sna rialacha sin:

i. i gcás cuideachta, meabhrán agus airteagail na cuideachta,
ii. i gcás comhlacht corpraithe seachas cuideachta, an chairt, an reacht nó an ionstraim eile den tsamhail sin lena mbunaítear é,
iii. i gcás comhlacht neamhchorpraithe daoine, rialacha an chomhlachta,

b) i gcás iontaobhais, go ndéanann iontaobhaí síntiús a thabhairt de réir an ghníomhais iontaobhais lenar bunaíodh an t-iontaobhas lena mbaineann, ar gníomhas iontaobhais é lena gceadaítear síntiús den sórt sin a thabhairt.

**Ní fhéadfaidh ach na daoine seo a leanas an ráiteas sin a chomhlánú:**

(a) i gcás cuideachta, stiúrthóir nó oifigeach eile don chuideachta

(b) i gcás comhlacht corpraithe (seachas cuideachta) nó comhlacht neamhchorpraithe daoine, aon oifigeach don chomhlacht nó aon duine atá ag comhlíonadh feidhmeanna oifigigh don chomhlacht de thuras na huaire

c) i gcás iontaobhais, iontaobhaí don iontaobhas

**Déan é seo a Chomhlánú, a Phriontáil, a Shíniú agus a Thabhairt i dteannta an tsíntiúis don fhaighteoir**

## Cuid 3 - Dearbhú Reachtúil

**Cuid A den Dearbhú Reachtúil**

***(Lena comhlánú go hiomlán ag an Síntiúsóir Corparáideach)***

Dearbhaímse (an sínitheoir), ……………………………..., go sollúnta agus go fíreata gur ceart i ngach ponc ábhartha atá an **Ráiteas maidir le Ceadú do Shíntiús arna thabhairt ag Síntiúsóir Corparáideach** faoi iamh, de réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim, agus go ndearna mé gach beart réasúnach chun a bheith sásta maidir lena chruinneas agus déanaim an dearbhú sollúnta seo agus mé ag creidiúint go coinsiasach go bhfuil an méid céanna fíor agus de bhua an Achta um Dhearbhuithe Reachtúla, 1938.

Síniú an tSíntiúsóra Chorparáidigh: .....................................................................

## Cuid B den Dearbhú Reachtúil (lena comhlánú go hiomlán ag an bhfinné)

***Agus an chuid seo á comhlánú, ní mór don fhinné a lua cé acu atá aithne aige/aici ar an duine atá ag déanamh an dearbhaithe reachtúil nó a chuir duine eile é/í in aithne dó/di nó a cuireadh é/í in aithne dó/di le ceann amháin de na doiciméid dá dtagraítear thíos***

Arna dhearbhú os mo chomhairse *(ainm an fhinné i gceannlitreacha anseo)................................................, nótaire poiblí/ coimisinéir mionnaí/ feidhmeannach síochána/ aturnae cleachtach (scrios de réir mar is cuí)* ag *(iontráil ainm an duine atá ag tabhairt an ráitis)* ..........................................................................., ar a bhfuil aithne phearsanta agam,

**nó**

atá curtha in aithne dom ag ..............................................., ar a bhfuil aithne phearsanta agam,

**nó**

ar cruthaíodh a c(h)éannacht dom sula ndearnadh an Dearbhú sin ach Pas uimh. ............................... arna eisiúint [*dáta eisiúna*] ............................. ag údaráis [*stát eisiúna*] ..............................................., is údarás arna aithint ag Rialtas na hÉireann, a thaispeáint dom

**nó**

Cárta aitheantais náisiúnta uimh. ..................................... arna eisiúint [*dáta eisiúna*] .........................ag údaráis [*stát eisiúna*].........................................( ar Ballstát den Aontas Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise nó Páirtí Conarthach de Chomhaontú LEE é ) a thaispeáint dom

**Nó**

Pas Eachtrannach uimh. .............................................. arna eisiúint [*dáta eisiúna*] ......................... ag údaráis [*stát eisiúna*]........................................, is údarás arna aithint ag Rialtas na hÉireann, a thaispeáint dom

**nó**

doiciméad taistil dídeanaí uimh. ....................................arna eisiúint [*dáta eisiúna*] .............................. ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta a thaispeáint dom

**Nó**

doiciméad taistil (seachas doiciméad taistil dídeanaí) uimh. ................................ arna eisiúint [*dáta eisiúna*]............................. ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta a thaispeáint dom

**Síniú an fhinné:** .........................................................................................

**Catagóir finné*:** .........................................................................................

**Áit Sínithe:** .........................................................................................

**Dáta:** ....................................

***Chun cáiliú, ní mór gur Coimisinéir Mionnaí, Nótaire Poiblí, Feidhmeannach Síochána nó Aturnae cleachtach é an finné.**